# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2011**

# EALAÍN

## Cumadóireacht Shamhlaíoch agus Ábhar Neamhbheo

Ardleibhéal

Tá 100 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 25% de na marcanna iomlána ar an Ealaín.

**3 – 13 Bealtaine     Maidin, 9.30 – 12.00**

Ba chóir an páipéar seo a thabhairt d'iarrthóirí **Dé hAoine, 8 Aibreán**

## Treoracha

Tá cead agat oibriú le dath, monacróm, meáin mheasctha, colláis, nó meán oiriúnach ar bith eile. Níl cead olaphéinteanna ná ábhar orgánach meatach a úsáid, áfach. Níl cead agat áiseanna mar stionsail, teimpléid, íomhánna rianaithe, obair ealaíne réamhullmhaithe ná íomhánna fótagrafaíochta a thabhairt isteach sa scrúdú.

Scríobh do Scrúduimhir go soiléir sa spás atá ann di ar do bhileog A2. Scríobh an teideal – 'Cumadóireacht Shamhlaíoch' nó 'Ábhar Neamhbheo' – díreach faoi do Scrúduimhir.

Más mian leat oibriú ar bhileog dhaite, **ní mór don fheitheoir an bhileog sin a shíniú sula dtosaíonn an scrúdú** á dheimhniú go bhfuil sí glan. Uasmhéid na bileoige: A2.

## Roghnaigh ceann amháin díobh seo a leanas:

**1.** Déan **Cumadóireacht Shamhlaíoch** bunaithe ar cheann **<u>amháin</u>** de na sleachta tuairisciúla: A, B, C, D. Ba chóir duit an pointe tosaigh agus an bunús atá le do Chumadóireacht Shamhlaíoch a lua ar chúl na bileoige líníochta agus an bhaint atá acu leis an sliocht tuairisciúil atá roghnaithe agat a chur in iúl.

**2.** Déan **Cumadóireacht Ábhar Neamhbheo** bunaithe ar fhoireann nithe a bhfuil tuairisc orthu i gceann **amháin** de na sleachta tuairisciúla A, B, C, D nó a mheabhraíonn na sleachta sin duit. Ní mór duit nithe ábhartha a thabhairt chuig an ionad scrúdaithe chun go mbeidh ar do chumas **<u>do chumadóireacht ábhar neamhbheo féin</u>** a leagan amach. **<u>Ní mór é seo a dhéanamh go tráthúil, roimh thús an scrúdaithe</u>.** Ní mór duit an pointe tosaigh agus an bunús atá le do Chumadóireacht Ábhar Neamhbheo a lua ar chúl na bileoige líníochta agus an bhaint atá acu leis an sliocht tuairisciúil atá roghnaithe agat a chur in iúl.

**3.** Déan **Cumadóireacht Theibí** bunaithe ar smaoineamh a spreagfaidh ceann **<u>amháin</u>** de na sleachta tuairisciúla A, B, C, D agus a fhorbróidh tú ón sliocht tuairisciúil a roghnaíonn tú. Ba chóir an pointe tosaigh agus an bunús atá leis an gcumadóireacht theibí a lua ar chúl na bileoige líníochta agus an bhaint atá acu leis an sliocht tuairisciúil atá roghnaithe agat a chur in iúl. Luaigh go soiléir cé acu 1 – Cumadóireacht Shamhlaíoch nó 2 – Ábhar Neamhbheo atá i gceist i do Chumadóireacht Theibí.

# Sleachta Tuairisciúla

## Sliocht A

Tagann an samhradh agus tréigtear na tithe. Maireann daoine in áiteanna eile: tithe soghluaiste, botháin ar cíos, tithe lóistín, óstáin, ar thurais thar lear. Cuirtear na tithe faoi ghlas agus fágtar iad. Tosaíonn na tithe ar a bhfeitheamh foighneach, ag fanacht go dtiocfaidh muintir an tí ar ais, go mbeidh beatha sa teach agus an gnáthshaol laethúil á chaitheamh ann arís...

Áit phearsanta, áit speisialta, é an teach cónaithe. Coinníonn sé greim ar fhuinneamh mhuintir an tí, fiú agus iad imithe. Tugann sé aire do gach seomra, an leaba nár cóiríodh, an buidéal seampú a thit ar a thaobh ar an bhfolcadán, an scuab fiacla a caitheadh i leataobh, na róbaí ar chúl an dorais, an cithfholcadán ciúin, an t-aer gan chorraí ach boladh ar éigean ó na cumhráin gan úsáid. Tomhaiseann na cloig an t-am, tic i ndiaidh tic sa chiúnas, go dtiocfaidh muintir an tí ar ais.

Thíos staighre, tá carn mór poist ina luí taobh istigh den doras tosaigh. Tá litreacha ann agus bróisiúir, agus cártaí ó dhaoine eile atá tar éis a dtithe cónaithe a fhágáil an samhraidh seo.

Tá an teach ina thost. Tagann lá agus oíche isteach trí na fuinneoga. Tá irisí ina luí ar oscailt, idir léaráidí agus fhocail greamaithe ar an leathanach. Fanann na leabhair ar na seilfeanna go dtiocfadh lámh cheanúil á mbaint anuas arís, chun iad a léamh agus a chur ar ais ina n-ionaid chuí. Idir an dá linn, seasann siad le chéile, gan duine ar bith ag baint leo, agus coinníonn acu féin smaointe, mothúcháin, agus mianta lucht a scríofa.

Tá grianghraif an teaghlaigh ag gáire san fholús timpeall orthu. Tá na bréagáin tréigthe agus na bábóga ina luí agus a súile ag stánadh rompu. Anois agus gan daoine ann, tá an teach ciúin, socair, síochánta, suanmhar, ag breith barróige ar a bhfuil ann agus ag feitheamh go dtiocfaidh muintir an tí ar ais...

Sa tseid, bhí na rothair ina luí i dteas an adhmaid. Tá na huirlisí tar éis a bheith ag fanacht ar lámha an cheardaí. Tá na potaí péinte tar éis a bheith ina ranganna, stríocaí orthu anuas ón gclaibín bearnaithe, ag insint cén dath atá taobh istigh.

Tá an lomaire féir tar éis a bheith ag fanacht leis an bhféar a lomadh a d'fhás go rábach taobh amuigh le linn an spásais. Tá fiailí tar éis péacadh go tiubh sa ghairdín. Tá beagán eidhneáin tar éis téaltú isteach sa tseid. Tá cró an mhadra fuar. Tá beathaitheoir an n-éan folamh agus tá an fiadhúlra díomách sásta muintir an tí a fheiceáil ag teacht ar ais. Tá linntreog nua áit a bhfuil an gáitéar tar éis a bheith ag sileadh, tá an bairille uisce lán, tá plandaí faoi bhláth, agus tá roinnt piotal bog dubh ar bhláthanna gléigeala an gheiréiniam. Tá an feileastram dearg breá folláin agus faoi bhláth. Tá an marós tar éis leathnú amach. Tá an féar ard agus tá na claíocha ag tonnadh thar bhalla an ghairdín amach. Murab ionann agus foighne chiúin an tí ag feitheamh le go bhfillfidh muintir an tí ar ais, tá an gairdín imithe fiáin fad a bhí siad as baile...

Arna chóiriú as 'In Silence, a home awaits your return' le Marie Murray as *The Irish Times*, 2009.

## Sliocht B

I ndiaidh an tríú droichid, tá cabhsa ar thaobh na láimhe deise a théann go dtí oileán beag. Siúil amach air sin agus lean ort cois cladaigh ag dul tuathal timpeall. Sa samhradh bíonn sé lán le bláthanna agus féara fiáine mar lus buí na seabhac, an mismín corcra agus feisciúnna. Is éard a chuirfeadh sé i gcuimhne duit na móinéir féir fadó sular tháinig ann don dianfheirmeoireacht nua-aimseartha. Ar an ábhar sin, meallann sé go leor féileacán, go háirithe na bánóga, na ruáin bheaga, na féileacáin phéacóige, na donnóga féir, iad ar fad coitianta sa Ghaorthadh. D'fhéadfadh oiread sin acu a bheith thart le linn buaicthréimhsí an atáirgthe go mbeadh an móinéar beo leo agus crithloinnir ann dá réir. Sin é an fáth a dtugann páistí na háite 'butterfly island' (oileán na bhféileacán) ar an áit.

Ach siúl timpeall an mhóinéir fhiáin seo tiocfaidh tú an-ghar do go leor oileán a bhfuil sonraí míchumtha ar a mbarr, is é sin stumpaí dubha de dhair chasta. Idir eatarthu tá cumair dhoimhne láibe plúchta le bacáin bhána agus duilleoga orthu cosúil le plátaí, agus fúthu sin tá na srutháin lán le tranglam contúirteach na gcraobhacha a fágadh nuair a leagadh an fhoraois. Áiteanna breátha folaigh iad na cumair sin do liúis ollmhóra, cuid acu 1.5 méadar ar fad. Ach is é is dócha gurb é an corr glas a fheicfidh tú; tá siad flúirseach san áit, iad ina seasamh ar na stumpaí, ag faire amach do bhricíní agus do gharmacháin sna huiscí tanaí. Má tá an t-am agat, is mór is fiú dul i bhfolach i measc na bhféar fada anseo le súil go bhfeicfidh tú na cruidíní, na foithigh agus na lachain a bhíonn suas síos na cumair iomadúla. Go déanach tráthnóna b'fhéidir go mbeadh an t-ádh ort is go bhfeicfeá madra uisce.

Arna chóiriú as *West Cork Walks* le Kevin Corcoran.

**Sliocht C**

Meán oíche a bhí ann i Músaem Ríoga Ealaíne ankh-Morpork.

Rith sé leis an bhfostaí nua, Rudolph Scattering, gach nóiméad, beagnach, gur smaoineamh maith a bheadh ann, tríd is tríd, dá mbeadh sé tar éis a rá leis an gCoimeádaí go raibh uamhan oíche air, agus go raibh eagla air roimh fhuaimeanna aisteacha, agus roimh gach rud a d'fhéad sé a fheiceáil (agus, le bheith fírinneach faoi, gach rud nach bhféadfadh sé a fheiceáil), a chloisteáil, a bholú, nó a aireachtáil ag snámh suas a dhroim le linn na n-uaireanta fada síoraí agus é ar garda san oíche. Níorbh aon mhaith a rá leis féin gur marbh a bhí gach rud istigh anseo. Níorbh aon chabhair é sin ar chor ar bith. Chiallaigh sé sin gur sheas seisean amach. Is ansin a chuala sé an snag. B'fhearr scread. Nuair a chloiseann tú scread bíonn tú cinnte de. Snag bog íseal agus caithfidh tú fanacht go gcloisfidh tú arís é, mar ní féidir a bheith cinnte. D'ardaigh sé an laindéar. Bhí a lámh ag crith. Níor cheart go mbeadh aon duine istigh anseo. Bhí glas docht daingean ar an áit; níor fhéad aon duine teacht isteach. Nó, ó smaoinigh sé air, dul amach. B'fhearr leis nach raibh sé tar éis smaoineamh air.

Bhí se san íoslach. Níorbh é seo an áit ab uaigní ar a chamchuairt. Seanseilfeanna agus seantarraiceáin is mó a bhí ann, iad lán le rudaí a bhí beagnach caite amach. Ní caite amach ar fad a bhí siad mar níor mhaith le Músaeim rudaí a chaitheamh amach ar fhaitíos go mbeadh an-tábhacht leo amach anseo.

Snag eile, agus fuaim mar a bheadh ... pota cré … á scríobadh?

Francach, b'fhéidir, áit éigin ar na seilfeanna ar gcúl? An snag a dhéanann francaigh?

'Féach, ní theastaíonn uaim dul isteach ansin agus tú a tharraing amach!' arsa Scattering agus ba í lomchlár na fírinne í.

Ansin phléasc na seilfeanna. Dar leis gur tharla sé go mall mar a bheadh i slómó, blúirí cré agus dealbha ag teacht chuige agus ag imeacht ar gach taobh de. Thit sé siar ar a chúl agus leathnaigh an scamall os a chionn agus bhuail in éadan na seilfeanna ar an taobh eile den seomra. Scriosadh iad. Bhí Scattering sínte ar an urlár sa dorchadas, gan ar a chumas corraí, agus é ag fanacht go dtiocfadh na hamhailteacha a shamhlaigh sé ina intinn nóiméad ar bith feasta chun é a stróiceadh as a chéile...

Is iad an fhoireann lae a fuair é an mhaidin dar gcionn, é ina shámhchodladh agus brat deannaigh air. D'éist siad leis an gcoidrisc de mhíniú a thug sé dóibh, phléigh siad go cineálta leis, agus d'aontaigh siad go mb'fhéidir gurbh fhearr a d'fheilfeadh post eile don cineál meoin a bhí aige. Chaith siad tamall ag iarraidh a dhéanamh amach céard a d'fhéadfadh a bheith ar bun aige, mar daoine iontu féin iad lucht faire oíche an uair is fearr a bhíonn siad, ach chuir siad as a gcloigeann é... mar gheall ar an bhfionnachtain.

Fuair Mr Scattering post ansin i siopa peataí in Pellicool Steps, ach d'fhág sé tar éis trí lá mar bhíodh tromluí air an chaoi a mbíodh na piscíní cait ag stánadh air. Tig leis an saol a bheith an-chruálach do dhaoine áirithe. Ach níor inis sé riamh d'aon duine faoin mbean uasal álainn sholasmhar a bhí ag coinneáil liathróid mhór os a cionn in airde agus a rinne gáire leis sular imigh sí as radharc ar fad. Níor theastaigh uaidh go gceapfaí gur duine ait é.

Arna chóiriú as *Unseen Academicals* le Terry Pratchett. Le caoinchead Corgi Books, 2009.

**Sliocht D**

Ceithre fhón póca a bhí ag Harvey Broad, trí cinn díobh crochta go néata i bpócaí an chreasa uirlisí a bhí á chaitheamh ar a chromán aige, an 'builder's buddy' mar a dúirt sé (cineál de churra gunna i gcomhair an oibrí tógála), é déanta as leathar costasach fionnrua...

Ag sileadh as an gcrios sin ar gheall le bráisléad tromshaothair briochtaí é, bhí tóirse..., Aghaidhmhasc cosanta... Spéaclaí gréine timfhillteacha... Casúr beag, foireann scriúirí agus roinnt teanchairí. Bréagán de thrucail – 'Monster Truck'; de dhéantús Dinky; 'Bigfoot 7', le bheith cruinn faoi – múnlaithe (lena lámha féin) ina fháinne eochracha i gcomhair a Thoyota saincheaptha féin.

Is éard a bhí sa 'Bigfoot 7' ar dtús (ar seisean le hElen, rud a chuir mearbhall uirthi) truiclín de chuid Ford, F250, a raibh inneall 540 orlach ciúbach inti agus ar cuireadh ceithre roth ollmhóra uirthi ionas go bhféadfaí sí sraith éachtaí a dhéanamh. (An t-éacht ba mhó orthu – de réir mar a d'fhéad sí a oibriú amach – tiomáint thar líne seancharranna agus iad a scrios. Ní raibh a fhios aici go baileach cén fáth ar rud maith é sin ach ní leomhfadh sí ceist a chur. Ba ea, agus b'in sin, ba chosúil.) Bhí lámha Harvey dochreidte glan. Bhreathnaigh Elen orthu os íseal an chéad uair a bhuail siad le chéile. Agus bhíodh sé gléasta go gleoite i gcónaí; stíl faoi leith aige; meas as cuimse aige, de réir cosúlachta, ar fheisteas áirithe bréag-Mheiriceánach a raibh cuma an tsaighdiúra comhraic air...

Ar an bpailéad dathanna a bhí aige i gcomhair a chuid éadaí, bhí imireacha éagsúla de bhán gléigeal, de bhánbhuí, de dhath éadrom olóige (dathanna nach gceapfadh duine a bheith ró-phraiticiúil i gcás oibrí láimhe); an ball éadaí ba mhó a shíl sé a bhí riachtanach i gcomhair a chuid oibre ba sheaicéad stuáilte snasta é ar dhath na sáiste a raibh sipdhúntóir chun tosaigh air (bhí a chloigeann mínbhearrtha griandaite ag gobadh aníos go caithréimeach as tríd an mbóna Síneach mar a bheadh gas ar úll ag gobadh aníos ón gcabhail bhorrtha shúmhar).

Chaitheadh Harvey os cionn dhá uair a chloig sa spórtlann áitiúil gach lá ('Bhínn ag glacadh páirte i gcomórtais corpfhorbartha – siar sna seachtóidí...'). Bhí lúbáin mhóra thiubha d'fháinní cluaise sa dá chluas aige.

Ní hé go raibh sí ag súil gur mar sin a bheadh, ach cuireadh tús maith go leor le gach rud. Amhail is gur thuig sé go raibh drochamhras ar Elen, shocraigh Harvey go dtiocfadh an scafall lá iomlán sula raibh an obair ceaptha tosú.

Bhí Isadore ar bharr an tsaoil... Ach níor mhair an tsástacht sin rófhada.

Cuireadh trian den scafall suas an chéad lá, ceart go leor (b'iontach an fuadar a bhí ann an chéad tráthnóna úd). Ach timpeall ar a haon déag an mhaidin dar gcionn (gan aon mhíniú nó rabhadh roimh ré) bhailigh lucht an scafaill a gcuid uirlisí le chéile, léim siad isteach sa trucail a bhí acu, agus as go brách leo.

Ní raibh a fhios ag Isadore cá ndeachaigh siad (ba chuma cá ndeachaigh siad). An rud a bhí tábhachtach nár tháinig siad ar ais...

An teach bocht (bhreathnaigh sé sách dearóil roimh an iarracht nua seo – leaca na bhfuinneog ag lúbadh, coincleach ar na héadanchláir, an gairdín ina phuiteach), bhí sé anois ag píceáil amach go dólásach as an eisichreatlach seo, a raibh cuma sách contúirteach uirthi, amhail is gur madra púdail é a raibh musal air nár fheil dó. An gairdín beag... bhí sé geall leis imithe i bhfolach faoi ualach gránna pollaí agus planc.

D'éirigh Elen agus Isadore araon buartha go ndéanfaí na hiarsmaí suaracha sin a ghoid... Chuir Isadore teachtaireachtaí gan áireamh chuig Harvey á rá sin leis...

Dhá lá tar éis dó an cúigiú nó an séú teachtaireacht a chur, tháinig Isadore abhaile agus chonaic sé go raibh cúpla slabhra beag agus glais fraincín curtha ar an scafall a bhí 'd'fharasbarr'. Ghlac sé leis gur iarracht a bhí ann an scafall a dhéanamh níos deacra a thógáil. Bhí faoiseamh air... ach amháin nach é sin an toradh a raibh sé ag súil leis. Seachtain i ndiaidh chur na nglas fraincín... tháinig an buachaill de gheit; Lester; níor bhreathnaigh sé lá níos sine ná cúig déag.

Bhí cuma an ógchiontóra ar Lester (an caipín *base-ball*, na súile gan fócas, an craiceann ar dhath geal bánchorcra cosúil go maith leis an dath a bhíonn ar chnámh láirige an tsicín nach mbíonn bruite rómhaith). Ach bhí bríste a chulaithe spóirt... an-salach, agus chaithfeadh sé gur chomhartha maith é sin...

Bhí 'easpa treorach' ar Lester (tháinig sin chun solais sách luath). Obair lánaimseartha é Lester a choinneáil ag obair. Agus bhíodh cúis mhaith i gcónaí ann go mbuailfeadh an fonn é go tobann téaltú leis arís: uirlis a bheith in easnamh air, coinne parúil, bricfeasta – a d'ith sé ar bhuille a deich – lón – ag a dó dhéag – tae – ag a trí. Ná ní thugadh sé aon cheann acu sin leis mar sin shleamhnaíodh sé leis i lár cibé obair a bhíodh ar siúl aige, le súil lena bhfáil áit éigin.

Ní raibh aon ollsiopaí mearbhia sa chomharsanacht... Ní raibh ann ach Tesco san 'Ionad Pobail' – murar mhiste leat. Is ann a bhíodh Lester anois, go buan, geall leis, ina shuí ag cuntar an deilí. Bhí droch-cheann tógtha aige don 'seanchailleach nimhneach' a bhíodh ag obair ann, a chuireadh iachall air ticéad a thógáil – agus fanacht go nglaofaí air – fiú nuair ba léir gurb eisean an t-aon chustaiméir san áit.

Arna chóiriú as *Darkmans* le Nicola Barker.  Le caoinchead Harper Perennial, 2007.

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach
Bán

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2011**

# EALAÍN

## Gréaschóiriú

## Ardleibhéal

Tá 100 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 25% de na marcanna iomlána ar an Ealaín.

**3 – 13 Bealtaine** **Maidin 9.30 – 12.00**

Tá an páipéar seo le tabhairt d'iarrthóirí **Dé hAoine, 8 Aibreán**

**Treoracha**

Tá cead agat do bhileog A2 de sceitsí ullmhúcháin (níl ach **bileog amháin** ceadaithe) a thabhairt isteach go dtí an scrúdú mar chúnamh duit i bpróiseas forbartha do dhearaidh. Ní mór do do mhúinteoir ealaíne nó don phríomhoide an bhileog seo a shíniú agus dáta a chur léi **sula dtosaíonn** an scrúdú á dheimhniú gurb é do chuid oibre féin gan chúnamh atá ann.

**Níl cead** agat áiseanna amhairc ar bith sa bhreis air seo (e.g. fótagraif, íomhánna rianaithe ná obair ealaíne atá réidh le húsáid) a thabhairt isteach sa scrúdú d'fhonn iad a chóipeáil nó a úsáid i do mholadh dearaidh deireanach.

Ní cheadaítear ábhair mheatacha orgánacha a úsáid.

Tá cead agat cibé meáin agus uirlisí ealaíne atá oiriúnach a úsáid chun riachtanais an scrúdaithe a chomhlíonadh, e.g. pinn luaidhe, péint, páipéir dhaite, cárta, páipéar rianaithe, ábhair do cholláis nó do mheáin mheasctha, rialóir, T-bhacart, scian, siosúr, gliú, etc.

Scríobh do scrúduimhir agus an leibhéal ar gach bileog.

Scríobh uimhir na ceiste atá roghnaithe agat agus an teideal a ghabhann léi ar gach bileog.

**Céim 1: Bileog de Sceitsí Ullmhúcháin (TAIGHDE)**

Do chuid **taighde** is cóir a bheith ar do bhileog A2 de sceitsí ullmhúcháin agus ba chóir iad a dhéanamh roimh an scrúdú. Is é is cóir a bheith ann ná rogha de léirthuiscintí pearsanta agus de smaointe a ndearna tú taighde orthu, agus a bhaineann leis an gceist a roghnaigh tú. Tá cead agat nótaí a chur leis an obair. Ná bíodh do chuid oibre ach ar thaobh amháin de do bhileog A2. Má roghnaíonn tú colláis, íomhánna a gearradh amach, fótagraif nó íomhánna rianaithe, ní mór gach obair dá leithéid **a ghreamú go cothrom** ar do bhileog A2 de sceitsí ullmhúcháin.

**Céim 2: Bileog Réamhsceitsí (FORBAIRT)** **(20 marc)**

Cuireann tú do bhileog A2 de réamhsceitsí i gcrích le linn an scrúdaithe. Bileog **forbartha** atá anseo inar chóir duit na smaointe atá agat ar do bhileog de sceitsí ullmhúcháin **a iniúchadh**. Ba chóir go mbreithneofá gach gné den dearadh 2T nó 3T de réir mar a oireann siad don cheist atá roghnaithe agat agus fianaise a bheith ann ar fhorbairt shuntasach bhreise ar na smaointe seo. Tá cead agat sceitsí a bhfuil nótaí leo a úsáid chun forbairt do chuid smaointe a léiriú. Ní mór duit do chuid oibre a dhéanamh go glan díreach ar an mbileog A2 agus gan ach sceitsí amháin a úsáid, agus iad daite más mian leat. Caillfear marcanna más cóip dhíreach ón mbileog de sceitsí ullmhúcháin a dhéanann tú. Ná bíodh do chuid oibre ach ar thaobh amháin den bhileog A2.

**Céim 3: Moladh Dearaidh Deireanach** **(80 marc)**

Is le linn an scrúdaithe a chuirtear do mholadh dearaidh deireanach i gcrích. Ba chóir duit eolas ar bith a mheasann tú a bheith riachtanach chun do mholadh dearaidh deireanach a chur in iúl, a chur san áireamh agus tagairt ar leith a dhéanamh do ghnéithe amhairc, feidhmiúla agus ábhartha na ceirde a roghnaigh tú, seachas d'aird a dhíriú go hiomlán ar shaothar ealaíne a chur ar fáil a mbeadh bailchríoch den scoth air.

***Ag deireadh an scrúdaithe tabharfar clúdach bán duit a mbeidh ort iad seo a leanas a chur ann:***

Do Bhileog A2 de **Sceitsí Ullmhúcháin**

Do Bhileog A2 de **Réamhsceitsí**

**Do Mholadh Dearaidh Deireanach**.

# Sleachta Tuairisciúla

## Sliocht A

Is beag nach bhfuil an chuid mhéith fhásmhar seo d'Éirinn faoi cheilt; is gan fhios do na turasóirí atá sí ann, geall leis. Ach tá Laois lán le tithe móra maorga, de bhailte oidhreachta, agus de chonairí ciúine siúil ag fanacht le go n-aimseofaí iad. Is é Port Laoise príomhbhaile an chontae. Bhí rath air i rith thréimhse an Tíogair Cheiltigh, ach chaill sé cuid dá anam lena linn sin. Ach tá roinnt bialann maith, taispeántais agus imeachtaí ealaíne agus ceoil ann agus i Mainistir Laoise freisin. Is bailte oidhreachta iad Móinteach Mílic agus Mainistir Laoise agus tá siad in aice láimhe. Tá sráideanna maisiúla Seoirseacha iontu araon. Agus tá baile Húgónach, Cúil an tSúdaire, ann chomh maith agus meallacacht Fhrancach áirithe ag baint leis. Is mó fós a chuireann siad sin ar fad faoi bhráid an turasóra. Contae rathúil ba ea Laois i gcónaí. Is mór an tarraingt a bhíonn ar na tithe maorga. Is i seilbh phríobháideach atá cuid acu fós agus cuid eile iompaithe ina n-óstáin shómhara tuaithe. Ach tig leat cuairt a thabhairt ar ghairdíní suaithinseacha Heywood nó turas a dhéanamh timpeall teach mór taibhseach nuachlasaiceach Cúirt Iomaí (*Emo Court*), áit ar féidir léargas a fháil ar shaol na n-uasal. Ceann de na chéad tagairtí do Laois i scríbhinn ba ar léarscáil Tolamaes é in AD 140 áit ar luadh Dún Másc. Is mórthaibhseach an radharc iad fothracha an dúin agus an ghrian ag dul faoi, é thuas in airde ar lomán garbh aolchloiche. Ba é William Dargan an duine ba chlúití de mhuintir Laoise. Innealtóir fiontrach ba ea é a bhí freagrach as an chuid is mó d'iarnróid na hÉireann a leagan síos. Is é a d'eagraigh Taispeántas Mór Bhaile Átha Cliath in 1853, freisin. Bhí baint aige, chomh maith, le bunú an Ghailearaí Náisiúnta.

Radharc thar radhairc é Cúirt mhaorga Iomaí. Ba é James Gandon a dhear é i 1790. (Is é a dhear Teach an Chustaim i mBaile Átha Cliath.) Tá aibhinne míle ar fad ag dul suas go dtí é agus crainn ollmhóra, Mórghiúiseanna Dúdacha, air. Tá an gustal a bhaineann leis an teach a bhfuil cruinnteach mór air le feiceáil ar an gcaoi chéanna san fhearann fairsing timpeall air. Tá os cionn 1000 speiceas crann ar an bhfearann sin, mar aon le báinseacha leathana agus lochán ornáideach. Tá turais threoraithe timpeall an tí ar fáil.

Baile álainn é Mainistir Laoise. Is ann atá ceann de na tithe tábhairne is cáiliúla agus is traidisiúnta in Éirinn, is é sin Tigh Morrissey. Tá gairdín álainn na gcéadfaí ann freisin agus lárionad oidhreachta ina bhfuil cur síos ar thraidisiún déanta cairpéad an bhaile. Is i Mainistir Laoise a rinneadh na cairpéid don long mhíchinniúnach, an Titanic.

I gCill Uisean tá láthair seanmhainistreach de chuid an 5ú aois. Is ann a fheicfidh tú an doras Rómhánúil is breátha sa tír, b'fhéidir. Is cuid suntais go cinnte an tsnoíodóireacht ilchasta chloiche ón 11ú haois atá ar an hursaineacha. Tá bailiúchán mór d'innill dóiteáin, de rollóirí agus de tharracóirí gaile i Músaem Gaile an tSráidbhaile, iad uile athchóirithe le cion agus le cúram. Bainfidh buachaillí an-spórt as. Tugann Músaem Theach na mBocht i nDomhnach Mór léargas ar an saol in aimsir an Ghorta agus tá seomraí fágtha ann díreach mar a bhí ag deireadh na 19ú haoise. Caisleán Lé – fothraigh chaisleáin a tógadh sa 13ú ar bhruach na Bearú gar do Chúil an tSúdaire agus iad lán d'atmaisféar. Is conair shlímharcáilte é Bealach Shliabh Bladhma. Tá sé 77 km ar fad. Téann sí trí na sléibhte agus tugann deis mhaith do dhuine fuiseoga, boid ghaoithe, agus fabhcúin a fheiceáil. Is féidir í a shiúl ina codanna beaga nó is féidir dul ó cheann ceann i dtimpeall 5 lá. Tá áilleacht timpeallachta sa cheantar a dteann sé tríd nár aimsíodh fós agus ba liosta le háireamh an flóra agus fána atá ann mar aon le gleannta doimhne, lomáin charraige, agus easa.

As an *Laois Tourist Guide*

## Sliocht B

Bhí ag méadú ar an bhfaitíos a bhí air agus rinne sé iarracht é a cheilt. Bhí an áit chomh dubh le pic agus bhí sé ag dallacáil leis go héidreorach. Go tobann d'airigh Jock caochaíl bheag ar chaipíní a shúl...

Is go mall faiteach a d'oscail sé iad – bhí amhailteacha a shamhlaíochta ag snámh chun tosaigh ina intinn – agus chonaic sé méarnáil ghlas ag eitilt timpeall air. De réir mar a lean sé lena shúile na gréasáin fiarláin a bhí ag teilgeadh gréasáin dhiamhra solais ar an ballaí, thuig sé go tobann cé as a bhí siad ag teacht; is éard a bhí iontu rianta iarmharacha méarnála a bhí a bhfágáil ina ndiaidh ag líon do-áirithe ialtóg lonrach. Tháinig scaoll air agus dalladh céadfaí An Ealaíontóra. Bhí sé ag iarraidh a aghaidh a chlúdach ar chuimilt thais mhíthaitneamhach na n-ainmhithe confacha nuair a d'airigh sé a chosa ag sleamhnú ar an urlár garbh. Shocraigh sé é féin agus de réir a chéile chuaigh a shúile i dtaithí ar chaochaíl leanúnach na soilse. Chonaic sé sa solas diamhrach glas sin go raibh an sloc a raibh sé ar a chromada ann ag síneadh uaidh síos.

Bhí an chuma air gur tháinig a mhála droma slán ón titim. Shocraigh sé arís ar a dhroim é agus d'imigh sé go barrthuisleach síos agus é buíoch beannachtach go raibh sé in ann na rianta méarnála agus na hialtóga a fhágáil ina dhiaidh. Thug sé faoi deara go raibh céimeanna fada éadoimhne gearrtha amach as an gcarraig. Bhí sé ag dornásc leis síos na céimeanna casta nuair a chonaic sé as coirnéal a shúl go raibh fíoracha nó inscríbhinní de chineál éigin greanta ar éadan na cloiche... Bhí idir fhaitíos agus déistin ar Jock agus é ag breathnú ar an tsnoíodóireacht bhalla seo a léirigh ainmhithe croschineálacha, péisteanna hibrideacha. Chuaigh creathán faitís suas síos cnámh a dhroma. Mar bhí a fhios aige gurb é a bhí á léiriú iontu ná Séat, an tAinbheartach, neach nárbh ann dó ach i miotaseolaíocht na hÉigipte... nach ea?
Ní raibh aon bhealach eile le dul ach síos mar bhí an oscailt thuas tar éis dúnadh chomh docht daingean sin gurb ionann is nach raibh sé riamh ann. Ar an ábhar sin d'imigh Jock síos. Bhí dóthain solais aige ó mhéarnáil ghlas na n-ialtóg san uaimh os a chionn go raibh sé in ann dhá chéim nó trí cinn a fheiceáil roimhe. Bhreathnaigh sé ar na ballaí agus thug faoi deara go raibh na radhairc ag dul in arrachtaí agus i ngráiniúlacht. Léaráidí antrapamorfacha a bhí iontu de dhaoine a raibh cloigne Gabhair orthu agus cloigne i gcosúlacht cloigne Muice... Chuir sé múisiam air agus é ag dul síos síos ar feadh achair ama ab ionann agus na cianta...
Chas sé coirnéal agus is beag nár shiúil sé amach i spás folamh. Rug sé ar an mballa sleamhain agus chonaic sé go tobann go raibh sé ag breathnú trí oscailt mar a bheadh doras. Thug sé faoi deara go raibh sé ina sheasamh ar bhinse caol cloiche go hard os cionn duibheagáin mhóir; bhí spás gan teorainn ag síneadh amach roimhe. Sheas sé ar an mbinse cloiche ... agus baineadh an anáil de. Mar bhí an radharc a bhí leagtha amach os a chomhair anois chomh hiontach agus chomh hálainn sin ar a bhealach aisteach féin is a bhí an sloc a raibh sé tar éis teacht anuas tríd ar ball gránna agus fuafar.
An chéad smaoineamh a bhí aige go raibh sé bunoscionn. Bíodh is gur deacair é seo a chreidiúint, an solas san aer, an solas ón ngrian, is aníos a bhí sé ag teacht. Ba é sin an easpa réitigh a chuir trí chéile é. Bhí na gathanna ag teacht aníos as bolcán mór, ba chosúil, ach bhí rud éigin sa spéir á fhrithchaitheamh. Bhreathnaigh sé suas agus chonaic sé cumraíocht i gcruth diosca a bhí ag drithliú agus ag glioscarnach; bhí an réad sin sa spéir, ar geall le seoid é, ag frithchaitheamh an tsolais a tháinig aníos chuige. Is ansin a rith sé leis – ba í seo súil bheannaithe Hóras a raibh Sitinitrew tar éis cur síos chomh cruinn sin a dhéanamh uirthi...
Ba in súil Hóras mar sin... ar foluain thuas ansin sa "spéir". Ach de réir mar a bhí An tEalaíontóir ag féachaint air thuig sé nach í an spéir a bhí ann ach abhainn: Abhainn mhór Ghlas ag lúbadh trasna ag an bpointe ab airde a d'fhéadfadh sé a fheiceáil. De réir mar a chuaigh a shúile i dtaithí ar an ngile, bhí sé in ann mionsonraí an tsaoil aistigh seo a dhéanamh amach. Bhí an Abhainn mhór Ghlas ag lúbadh a bealach isteach san imigéin áit a ndeachaigh sí as radharc sa cheo a d'éirigh ó bheanna sneachtúla na sléibhte a raibh luisne orthu ón ngrian chorcairdhearg úd faoi thalamh. Ansin, nuair a thuig sé sa deireadh gurb í seo abhainn an ama sa Sean-Domhan Thíos, tháinig eagla air a chuir mairbhití ann; mar go raibh seisean ina sheasamh *faoi*, *is thíos faoi abhainn an ama a bhí sé*! Agus an solas ón mbolcán, ba ó scrín lár an domhain a bhí sé sin ag teacht...
B'iarsma é seo, ainiarsma, ar an mbriocht a thug Morrad air a rá – bhí an draoi glic tar éis cleas a imirt air: mar ní i bpáirceanna Éilísiam a bhí sé mar a theastaigh uaidh... ach ag breathnú síos i dtreo Toise Caillte an Domhain Thíos, saol séalaithe istigh ann féin a bhí faoi smacht ag an taispeánadh sramach croschineálach a raibh a íomhá le feiceáil sa sloc os a chionn – Séat!

Arna chóiriú ó *The Sacred Eyes of Time* le Richard Turneramon.

**Sliocht C**

Fógraíonn na magairlíní a n-innealtacht mhór trí úsáid a bhaint as bláthanna atá costasach, agus, in amanna, éagsamhalta go maith... Bíonn cuid de na bláthanna simplí. Bíonn siad dorcha agus an chuma orthu gur oscailt ar uachais a bhíonn iontu. Meallann sé sin an bheach le teacht isteach, néal codlata a bheith aici agus an bláth a phailniú san am céanna. Baineann go leor eile úsáid as beartaíocht i bhfad níos casta. Réaltaí foirfe atá i gcuid acu agus sé rinn orthu. Cuid eile acu, is geall iad le rud a mbeadh tromluí ag fear séidte gloine faoi: teannóga caola ar crochadh i dtrioplóga fíneálta dallraitheacha. Cuid eile fós shílfeá gur as plaisteach tiubh bándearg a múnlaíodh iad. Scarlóid, bán, corcra, oráiste, dearg, agus gorm fiú amháin, na dathanna a bhíonn ar na bláthanna. Foiche a phailníonn speiceas amháin díobh... Más duine tú

a bhíonn ró-thugtha d'áilleachtaí na luibheolaíochta, bíodh a fhios agat go bhfuil boladh ar mhagairlíní áirithe mar a bheadh ar iasc lofa chun cuileanna a bhíonn beo ar dhramhfheoil a mhealladh.
Ní straitéis a bhíonn i gceist sa chogadh bitheolaíoch idir bláth agus feithid ach bearta gan áireamh, mar atá i gceist i gcás na héabhlóide uile. Is iomaí cineál difriúil blátha atá tagtha ar an saol dá bharr, gach ceann tar éis éabhlóidiú ar bhealach a bhraitheann ar roghanna na bpailneoirí...
Dá shuaithinsí na mionsonraí, is é an plean bunúsach céanna atá mar bhonn lena gcuid bláthanna uile...
Is i dtrí chuid atá a gcodanna cóirithe, nó ar iolraithe den fhigiúr sin. Is minic an maothán láir ata agus cuma liopa mhéadaithe air, é mar a bheadh bratach chun feithidí a mhealladh agus, chomh maith leis sin, ina stráice tuirlingthe acu, áis chun an cuairteoir a ligean isteach chuig an luach saothair milis atá ina bhun...
Rinne plandaí coilíniú ar an talamh níos mó ná ceithre chéad milliún bliain ó shin. Ní raibh aon bhláthanna ag na ceannródaithe sin ná ní raibh aon bhláthanna ar na foraoisí ollmhóra raithní a chlúdaigh codanna móra den phláinéad céad milliún bliain ina dhiaidh sin. D'imigh na foraoisí raithní i léig agus bhí na dineasáir faoi réim ar feadh na n-aoiseanna ar domhan gan bhláth. Níor thosaigh an choimhlint idir an fheithid agus an bláth go dtí gur tháinig ann don chéad bhláth riamh, thart ar chéad go leith milliún bliain ó shin, b'fhéidir. An toradh a bhí air ná athruithe móra tobanna ar an dá thaobh. Is iontach go deo an chaoi ar athraigh siad in éineacht le chéile, mar tá níos mó ná trí chéad míle speiceas plandaí bláthanna tar éis éabhlóidiú, mar aon leis an líon céanna feithidí faoi chúpla míle...
Tá go leor pailneoirí calaoiseacha ann freisin. Cognaíonn feithidí isteach sa bhláth leis an luach saothair a fháil ar an gcostas is lú. Tig leis na dordéin taobh an bhláth a pholladh ar an ábhar céanna. Fiú amháin pailneoirí dlisteanacha mar an bheach mheala, iompaíonn siad ina ngadaithe ach an bláth a bheith bearnaithe rompu. Chomh fada is a bhaineann sé leosan bíonn toradh ar an gcaimiléireacht agus baineann siad leas aisti gach seans a fhaigheann siad.
Ach throid na bláthanna ar ais. Ní gá gurb ionann an rud a chuireann siad ar fáil agus an rud a gheallann siad. Tá réimse maith baoití bréige ag na magairlíní. Thart ar thrian de na magairlíní, imríonn siad bearta calaoiseacha. Baineann cuid acu faoi mhianta a gcuid pailneoirí le bláthanna atá cosúil le feithidí baineanna...
Tagann cuid eile acu i dtír ar shaint seachas ar ainmhianta a gcuid cuairteoirí. Fógraíonn siad ... béile saor in aisce ach ní chuireann siad aon rud ar fáil... Oibríonn trian de na magairlíní uile ar an gcaoi chalaoiseach sin – comhartha sofheicthe ach gan aon bhia ar fáil...
In amanna, bíonn na blátha bradacha sin cosúil leis na cuileanna gan dochar úd a dhéanann aithris ar an bhfoiche. Bíonn cosúlacht orthu, atá a bheag nó a mhór cruinn, le plandaí áitiúla eile a chuireann luach saothair ar fáil. Déanann siad taispeántas gáifeach, comhartha fiúntais a bhfuil dath geal air, mar shampla, le cúntóir a mhealladh gan mórán costais. Cuireann cuid acu go leor stró orthu féin chun dallamullóg a chur ar chuairteoirí agus déanann siad aithris an-chruinn ó thaobh datha agus crutha de. Tá cineálacha áirithe ann san Astráil, mar shampla, atá cosúil le muisiriúin agus is í an chuil fhungais a dhéanann pailniú orthu agus í ar thóir áit lena cuid uibheacha a bhreith. Cuireann beagán acu spotaí beaga oráiste agus dubh ar a gcuid bláthanna a mheallann cuileanna a itheann aifidí; feiceann siad sin na spotaí mar chreach acu féin. Go minic ní bhíonn níos mó i gceist leis na taispeántais ach ráiteas ginearálta go bhfuil luach saothair ar fáil, chun feithidí difriúla a mhealladh. Tá an pharaisít ina ball de chumann áitiúil de speicis a bhfuil cosúlacht eatarthu agus a mheallann an meascán céanna feithidí. Íocann na plandaí macánta as nuair a sheachnaíonn feithidí iad tar éis do lucht caimiléireachta iad a ligean síos. Tá cuid de na magairlíní calaoiseach faoi dhó mar bíonn dathanna difriúla orthu ó phlanda go chéile, rud a chuireann ar a gcumas réimse níos mó feithidí a mhealladh.

Arna chóiriú as *Darwin's Island* le Steve Jones

**Roghnaigh ceann amháin de na roghanna dearaidh atá liostaithe thíos.**
**Ní mór nasc díreach a dhéanamh idir do dhearadh agus an sliocht tuairisciúil atá i gceist, agus a bhrí agus a chiall a léiriú.**

**1. Litreoireacht agus Peannaireacht**

Cruthaigh dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Clúdach bróisiúir den teideal 'Cuairt ar Laois' bunaithe ar na híomhánna i Sliocht A.

(b) Póstaer ag fógairt turais chuig an domhan thíos a bhfuil cur síos air i Sliocht B.

(c) Comhartha maisithe i gcomhair doras an tSeomra Bitheolaíochta i do scoilse. Bíodh Sliocht C mar ábhar spreagtha agat.

Tá cead agat oibriú de réir scála. Ba chóir duit toisí a thaispeáint agus eolas cuí a thabhairt maidir le clóghrafaíocht, spásáil agus leagan amach do rogha agus maidir leis an gcaoi a dtáirgfear do dhearadh. Tá cead agat íomhánna, móitífeanna ornáideacha, focail thromchiallacha agus litreoireacht a bheith ann. B'fhearr litreoireacht phearsantaithe lámhdhéanta.

**2. Líonóilghearradh agus Priontáil**

Cruthaigh dearadh do phrionta líonóile do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Léaráid bunaithe ar aon cheann de na foirgnimh a bhfuil cur síos orthu i Sliocht A.

(b) Léaráid bunaithe ar na híomhánna a bhfuil cur síos orthu i Sliocht B.

(c) Léaráid i don chlúdach ar leabhar garraíodóireachta. Bíodh Sliocht C mar ábhar spreagtha agat.

Ba chóir go léireodh do dhearadh tuiscint chuimsitheach ar airíonna an líonóilghearrtha agus na priontála, a gcuid féidearthachtaí agus a gcuid srianta. Ba chóir duit dearadh a dhéanamh do phrionta ar aon dath amháin **nó** do phrionta a bhfuil dhá dhath ar a laghad ann. Ba chóir go léireodh do dhearadh críochnaithe eolas cuí faoin gcaoi a dtáirgfear do dhearadh, dathdhealuithe (más cuí) san áireamh agus na saghsanna éagsúla gearrthacha atá le húsáid.

**3. Fabraicphriontáil**

Cruthaigh dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Taipéis bhalla bunaithe ar an gcur síos ar Shlí Shliabh Bladhma i Sliocht A.

(b) Athphatrún bunaithe ar íomhánna as Sliocht B.

(c) Athphatrún leath-thite bunaithe ar íomhánna as Sliocht C.

Ba chóir go mbeadh do dhearadh oiriúnach do bhaitíc, do bhlocphriontáil, do scáthlánphriontáil nó do stionsalphriontáil ar fhabraic nó ar ábhar oiriúnach ar bith eile. Ba chóir duit trí dhath ar a laghad a úsáid agus féidearthachtaí dearaidh na forphriontála a chur san áireamh. Tá cead agat oibriú de réir scála agus ba chóir duit toisí a thaispeáint agus eolas cuí a thabhairt faoin gcaoi a dtáirgfear do dhearadh.

**4. Bróidnéireacht**

Cruthaigh dearadh a bheadh oiriúnach do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Painéal bróidnithe bunaithe ar na híomhánna de Ghairdíní Chúirt Iomaí i Sliocht A

(b) Painéal bróidnithe **nó** píosa de dhealbhóireacht bhog thríthoiseach bunaithe ar aon cheann de na créatúir nó de na pearsana a luaitear i Sliocht B.

(c) Painéal bróidnithe bunaithe ar na híomhánna i Sliocht C.

Is féidir leat oibriú de réir scála agus ba chóir duit toisí a thaispeáint agus eolas cuí a thabhairt maidir leis an gcaoi a dtáirgfear do dhearadh. Bíodh eolas san áireamh agat maidir le do rogha ábhar, greamanna, maisiú coirníneach agus na teicníochtaí atá le húsáid chun do dhearadh a chur i gcrích.

**5. Fíodóireacht**

Cruthaigh dearadh a bheadh oiriúnach do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Teicstíl fhite bunaithe ar íomhá ar bith i Sliocht A.

(b) Painéal bunaithe ar an radharcra a bhfuil cur síos air i Sliocht B.

(c) Taipéis bhalla bunaithe ar na híomhánna i Sliocht C.

Ba chóir go gcuirfí san áireamh i do dhearadh na féidearthachtaí dearaidh a bhaineann le dathanna agus le huigeacht agus go dtabharfaí eolas faoin bhfí agus faoi na hábhair atá le húsáid. Tá cead agat oibriú de réir scála agus ba chóir go dtaispeánfá toisí agus go dtabharfá eolas cuí faoin gcaoi a dtáirgfear do dhearadh.

**6. Criadóireacht**

Cruthaigh dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Vása a bhfuil feidhm leis ag comóradh Cho. Laoise. Bíodh Sliocht A mar ábhar spreagtha agat.

(b) Painéal rilífe bunaithe ar na híomhánna i Sliocht B.

(c) Babhla maisiúil bunaithe ar an gcur síos ar bhláthanna i Sliocht C.

Tá cead agat oibriú de réir scála agus ba chóir go dtaispeánfá toisí agus go dtabharfá eolas cuí faoi na teicníochtaí atá le húsáid chun do dhearadh a chur i gcrích. Tabhair sonraí faoi na glónraí agus faoin maisiúchán atá le húsáid.

**7. Puipéadacht**

Bunaithe ar a bhfuil léite agat sna sleachta tuairisciúla, dear puipéad gléasta do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Siúlóir ar Shliabh Bladhma – Sliocht A.

(b) Séat – Sliocht B.

(c) An Bheach mheala ina gadaí – Sliocht C.

Is féidir an dearadh a dhéanamh do phuipéad lámhainne, do phuipéad slaite nó do phuipéad téide. Tá cead agat oibriú de réir scála agus ba chóir duit toisí a thaispeáint. Léirigh an chaoi a gcuirfear an puipéad le chéile agus an chaoi a bhfeidhmeoidh sé. Tabhair sonraí maidir le hábhair atá le húsáid agus maidir leis na teicníochtaí maisiúcháin atá le húsáid chun do dhearadh a chur i gcrích.

**8. Leabharcheardaíocht**

Cruthaigh dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Fillteán le híomhánna a thaispeáint den bhaile oidhreachta Mainistir Laoise a bhfuil cur síos air i Sliocht A.

(b) Fillteán bosca le sceitsí an Ealaíontóra a choimeád a rinne sé ar an turas a bhfuil cur síos air i Sliocht B.

(c) Fillteán doiciméad a choimeádfadh sraith alt faoin ngarraíodóireacht. Bíodh na híomhánna i Sliocht C mar ábhar spreagtha agat.

Tá cead agat oibriú de réir scála. Ba chóir go dtaispeánfadh do dhearadh críochnaithe toisí agus sonraí maidir leis na hábhair, na ceangail/na snaidhmeanna/an fearas dúnta, na samhlaoidí / an maisiúchán agus / nó an litreoireacht atá oiriúnach don rogha atá déanta agat.

**9. Dearadh Fógraíochta**

Bunaithe ar a bhfuil léite agat sna sleachta tuairisciúla, cruthaigh dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Comhartha aitheantais grafach (lógó) do 'Turasóireacht Laoise'. Ba cheart duit é a thaispeáint in úsáid i gceann litreach agus ar chárta gnó. Bíodh Sliocht A mar ábhar spreagtha agat.

(b) Dearadh do mhórchlár fógraíochta ag fógairt scannán uafáis bunaithe ar na híomhánna i Sliocht B.

(c) Forchlúdach leabhair do leabhar den teideal 'Magairlíní in aghaidh Feithidí'. Bíodh Sliocht C mar ábhar spreagtha agat.

Ba chóir go dtaispeánfaí toisí ar an dearadh críochnaithe agus go dtabharfaí eolas cuí maidir leis an gcaoi a dtáirgfear é.

**10. Múnlóireacht agus Snoíodóireacht**

Cruthaigh dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Painéal rilífe le suí ar an mbealach isteach chuig an Músaem Gaile a bhfuil cur síos air i Sliocht A.

(b) Píosa de dhealbhóireacht saorsheasaimh bunaithe ar aon cheann de na créatúir nó de na pearsana i Sliocht B.

(c) Píosa de dhealbhóireacht saorsheasaimh bunaithe ar aon cheann de na bláthanna agus/nó de na feithidí a bhfuil cur síos orthu i Sliocht C.

Tá cead agat dearadh a dhéanamh don mhúnlóireacht, don tsnoíodóireacht nó do theicníocht tógála chuí ar bith. Ba chóir duit oibriú de réir scála, toisí a thaispeáint agus eolas cuí a thabhairt maidir leis na hábhair agus na teicníochtaí a úsáidfear chun do dhearadh a chur i gcrích.

**11. Seiteanna Stáitse**

Cruthaigh dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Seit stáitse do radharc i ndráma atá suite i gceann de na suímh i Sliocht A.

(b) Seit scannáin do radharc i scannán uafáis a bhfuil Sliocht B mar ábhar spreagtha aige.

(c) Seit scannáin do scannán ficsean eolaíochta den teideal 'Díoltas na bhFeithidí'. Bíodh Sliocht C mar ábhar spreagtha agat.

Ba chóir duit oibriú de réir scála agus toisí a thaispeáint, agus eolas cuí a thabhairt maidir leis na hábhair agus maidir leis an gcaoi a dtógfar do dhearadh.

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2011**

# EALAÍN

## Sceitseáil Bheo-Ábhair

Ardleibhéal

Tá 50 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 12.5% den mharc iomlán ar an Ealaín

**3 – 13 Bealtaine** **Tráthnóna, 2.00 – 3.00**

Tá an páipéar seo le tabhairt d'iarrthóirí **Dé hAoine, 8 Aibreán**

---

## Treoracha do Mhúinteoirí Ealaíne agus d'Fheitheoirí

Dhá sceitse den chuspa a bheidh sa scrúdú. Staidiúir a mhairfidh cúig nóiméad déag a bheidh sa chéad sceitse. Líníocht a mbeidh bailchríoch níos iomláine uirthi a bheidh sa dara sceitse. Tríocha nóiméad a mhairfidh an stiadiúir.

**Ní gá don chuspa éadaí ar leith a chaitheamh.**

**Tá na frapaí seo a leanas ag teastáil:**

- **mála droma éadrom**
- **cathaoir a bhfuil tacaí uillinne uirthi**
- **seinnteoir MP3 agus cluasáin ceangailte de.**

Beidh sé de chead ag an gcuspa suas le cúig nóiméad déag a ghlacadh mar thréimhsí sosa le linn an scrúdaithe. Socrófar iad de réir mar a iarrtar. Tá na tréimhsí sosa san áireamh san uair an chloig iomlán atá ceadaithe don scrúdú.

Tá cead ag iarrthóirí leanúint orthu ag obair ar a gcuid líníochtaí le linn thréimhsí sosa an chuspa agus le linn an tsosa idir na staidiúirí.

Níl cead ag níos mó ná deichniúr a bheith le haon chuspa amháin agus iad i mbun líníochta. Níl cead ag iarrthóirí radharc ó chúl an chuspa a tharraingt. Más mian leo, tá cead ag iarrthóirí suí níos cóngaraí don chuspa don dara staidiúir.

## Treoracha d'Iarrthóirí

Iarrtar ort **dhá** líníocht a dhéanamh den chuspa mar seo a leanas:

(a) Staidiúir 15 nóiméad a bhfuil cur síos uirthi sa scrúdpháipéar seo a bheidh sa chéad cheann, **(a) An Chéad Staidiúir**, agus ní mór líníocht den fhíor iomlán a tharraingt.

(b) Líníocht a mbeidh bailchríoch níos iomláine uirthi den staidiúir a bhfuil cur síos uirthi sa scrúdpháipéar seo, a bheidh sa dara ceann, **(b) An Dara Staidiúir.** 30 nóiméad a mhairfidh an staidiúir. Tá cead agat an fhíor iomlán **nó** leathfhíor (an cloigeann agus na guaillí) a roghnú le haghaidh Staidiúir (b).

N.B. Má roghnaíonn tú an cloigeann agus na guaillí / an leathfhíor, meabhraítear duit **nach leor** an cloigeann agus an muineál amháin a tharraingt. Ní mór duit an staidiúir a tharraingt mar atá sí socraithe agus ar a laghad, an cloigeann, an muineál, na guaillí agus na géaga uachtair a bheith san áireamh.

- Ní mór duit an líníocht a tharraingt ó bheith ag breathnú go díreach ar an gcuspa (radharc díreach ar an aghaidh nó ón taobh).

- Tá cead agat leanúint ort ag obair ar do líníocht le linn thréimhsí sosa an chuspa agus le linn an tsosa idir na staidiúirí.

- Méid an pháipéir: A2

- Más mian leat páipéar eile a úsáid seachas an páipéar a sholáthraítear, ní mór don fheitheoir an bhileog sin a shíniú **sula dtosaíonn** an scrúdú á dheimhniú go bhfuil sí bán.

- Ní mór bileog ar leith a úsáid do gach staidiúir.

- Scríobh do scrúduimhir agus leibhéal an scrúdaithe go soiléir ar gach bileog.

- Tá cead agat aon mheán oiriúnach líníochta a úsáid, dath san áireamh. Ní mór don mheán a roghnaíonn tú triomú go tapa, áfach.

- Tá cead agat breacléiriú a thabhairt ar an gcúlra.

- **Ná déan** do shaothar críochnaithe **a bhearradh ná a fheistiú.**

## (a) An Chéad Staidiúir – Fad ama 15 nóiméad (20 marc)

**Ba chóir go mbeadh an cuspa ina s(h)easamh agus**

- meáchan an choirp anuas ar an gcos chlé
- an chos dheas chun tosaigh beagán
- an mála droma crochta thar an ngualainn chlé
- greim ag an lámh chlé ar an strapa ar leibhéal na gualainne
- an lámh dheas ar an gcromán deas
- an cloigeann ag breathnú roimhe amach.

## (b) An Dara Staidiúir – Fad ama 30 nóiméad (30 marc)

**Ba chóir go mbeadh an cuspa ina s(h)uí ar an gcathaoir a bhfuil tacaí uillinne uirthi, agus**

- na cosa go daingean ar an urlár
- an seinnteoir MP3 sa lámh chlé agus droim na láimhe anuas ar an leis (láirig) chlé
- na cluasáin sa dá chluas agus na sreanga le feiceáil
- an uillinn dheas anuas ar an taca uillinne ar dheis, an lámh dheas oscailte agus ag tabhairt tacaíochta don leiceann
- an cloigeann claonta beagán ar dheis agus ag féachaint i dtreo an tseinnteora MP3.

Leathanach Bán

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2011

# EALAÍN

## Stair agus Léirthuiscint na hEalaíne

### Ardleibhéal

Tá 150 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 37.5% de na marcanna iomlána ar an Ealaín.

**Déardaoin, 16 Meitheamh** **Tráthnóna, 2.00 – 4.30**

***Treoracha***

Freagair **trí** cheist mar seo a leanas: ceist amháin as Roinn I (An Ealaín in Éirinn), ceist amháin as Roinn II (Ealaín na hEorpa: 1000AD – An Lá Inniu), agus ceist amháin as Roinn III (Léirthuiscint na hEalaíne).

Tá na ceisteanna uile ar cómharc (50).

Ba chóir sceitsí agus léaráidí a úsáid chun do chuid pointí a léiriú.

Déan tagairt, de réir mar a chuirtear in iúl, do na ***léaráidí atá ar an mbileog a ghabhann leis an bpáipéar seo***.

## ROINN I – An Ealaín in Éirinn

**1.** Samplaí de mhiotalóireacht réamh-Chríostaí iad an dá shampla de sheodra muiníl ***atá léirithe ar an mbileog leis seo.***
Ainmnigh, agus déan cur síos agus plé ar an dá shampla. Déan tagairt don tréimhse ina ndearnadh iad, do na hábhair, don fhoirm, don mhaisiúchán agus do na teicníochtaí a úsáideadh chun iad a tháirgeadh.
**agus**
Pléigh go hachomair tionchar stíl La Tène ar an ealaín Éireannach go déanach sa tréimhse luath-Chríostaí.
*Léirigh do fhreagra.*

**2.** Tá cosúlachtaí áirithe idir na teicníochtaí tógála a úsáidtear i suímh adhlactha réamh-Chríostaí agus teicníochtaí na hailtireachta luath-Chríostaí. Déan plé ar an ráiteas seo agus tú ag tagairt go mion do na cosúlachtaí sna bunábhair agus sna teicníochtaí idir sampla ainmnithe réamh-Chríostaí amháin agus sampla ainmnithe luath-Chríostaí amháin.
**agus**
Déan plé achomair ar fheidhmeanna éagsúla na samplaí atá roghnaithe agat.
*Léirigh do fhreagra.*

**3.** Déan plé ar na forbairtí stíle i lámhscríbhinní luath-Chríostaí ón gCathach go dtí Leabhar Cheanannais. Déan tagairt i do fhreagra don leagan amach, dath(anna) agus an cur chuige sa mhaisiúchán.
**agus**
Ainmnigh leathanach amháin as lámhscríbhinn ar bith de do rogha agus déan cur síos achomair air.
*Léirigh do fhreagra.*

**4.** Ainmnigh an foirgneamh a dhear James Gandon (1743-1823), ***atá léirithe ar an mbileog leis seo,*** agus déan plé ar a phríomhghnéithe.
**agus**
Ainmnigh agus déan cur síos achomair ar fhoirgneamh amháin eile a dhear Gandon.
*Léirigh do fhreagra.*

**5.** D'fhéadfá a rá go léiríonn na pictiúir **'Eas Chúirt an Phaoraigh'** le George Barret (1741-1806) agus **'Na Póitseálaithe'** le James Arthur O'Connor (c. 1792-1841) dearcadh rómánsúil ar an dúlra. Déan plé ar an ráiteas seo agus tú ag déanamh comparáide idir an dá shaothar atá ***léirithe ar an mbileog leis seo.***
**agus**
Scríobh cuntas gearr faoi cheachtar den bheirt ealaíontóirí.
*Léirigh do fhreagra.*

**6.** Déan plé ar thionchar thírdhreach Iarthar na hÉireann ar shaothar Jack B. Yeats (1871-1957) agus ar shaothar Paul Henry (1876-1958) agus tú ag tagairt go mion do phictiúr ainmnithe amháin le gach ealaíontóir. Déan tagairt i do fhreagra don ábhar, comhdhéanamh, dath(anna) agus stíl.
**agus**
Ainmnigh pictiúr amháin eile le gach ealaíontóir díobh.
*Léirigh do fhreagra.*

**7.** Déan plé ar an bpictiúr '**Portráid de Nollag de Brún'** le Robert Ballagh (b. 1943) atá ***léirithe ar an mbileog leis seo***. Déan tagairt i do fhreagra don ábhar, comhdhéanamh, stíl agus na bunábhair a úsáideadh.
**agus**
Ainmnigh saothar amháin eile le Robert Ballagh agus déan plé achomair air.
*Léirigh do fhreagra.*

## ROINN II – Ealaín na hEorpa (1000 AD – An Lá Inniu)

**8.** Déan plé ar na bealaí ina bhfuil na príomhghnéithe ailtireachta agus maisiúla d'eaglaisí Rómhánúla éagsúil leis na príomhghnéithe céanna de na hardeaglaisí Gotacha. Ainmnigh eaglais Rómhánúil amháin agus ardeaglais Ghotach amháin i do fhreagra, agus tú ag tagairt go mion dá scála, struchtúr, leagan amach agus maisiúchán.
**agus**
Ainmnigh sampla amháin de dhealbhóireacht Ghotach a ndearna tú staidéar air agus déan plé achomair air.
*Léirigh do fhreagra.*

**9.** Déan cur síos agus plé ar '**Gattamelata'**, píosa dealbhóireachta le Donatello (1386-1466) atá ***léirithe ar an mbileog leis seo***. Déan tagairt don tréimhse ina ndearnadh é, don ábhar, don chomhdhéanamh, do na bunábhair agus do na teicníochtaí a úsáideach chun é a dhéanamh.
**agus**
Ainmnigh saothar amháin eile le Donatello agus déan plé achomair air.
*Léirigh do fhreagra*.

**10.** Déan cur síos agus plé ar an bpainéal le Michelangelo (1475-1564) ón Séipéal Sistíneach atá ***léirithe ar an mbileog leis seo,*** agus tú ag tagairt d'ábhar/téama, comhdhéanamh, teicníocht agus láimhseáil na fíorach daonna.
**agus**
Ainmnigh ceann amháin de phíosaí dealbhóireachta Michelangelo agus déan plé achomair air.
*Léirigh do fhreagra.*

**11.** Déan plé ar an ról an taobh istigh de theach cónaithe mar ábhar d'ealaíontóirí na hOllainne sa 17ú haois, agus tú ag tagairt do **'Fear ag Scríobh Litreach**' le Gabriel Metsu (1629 -1667) atá ***léirithe ar an mbileog leis seo*** agus déan tagairt don stíl, comhdhéanamh agus do láimhseáil na mbunábhar.
**agus**
Ainmnigh saothar amháin le healaíontóir eile den tréimhse seo agus déan plé achomair air.
*Léirigh do fhreagra.*

**12.** Déan plé ar an tionchar a bhí ag Edouard Manet (1832-1883) ar fhorbairt na péintéireachta sa 19ú haois. Déan tagairt go mion dá phictiúr, '**Le Déjeuner sur l'Herbe**'**,** atá ***léirithe ar an mbileog leis seo.***
**agus**
Ainmnigh saothar amháin eile le Edouard Manet agus déan plé achomair air.
*Léirigh do fhreagra.*

**13.** Déan cur síos agus plé ar na nuafhorbairtí a rinne an Ciúbachas ar ealaín an fhichiú haois. Déan tagairt do '**Les Demoiselles d'Avignon'** le Pablo Picasso (1881-1973) atá ***léirithe ar an mbileog leis seo*** agus do na tionchair, don ábhar, comhdhéanamh agus do na teicníochtaí a úsáideadh.
**agus**
Ainmnigh saothar eile le healaíontóir Ciúbach eile agus déan cur síos achomair air.
*Léirigh do fhreagra*.

**14.** Freagair (a), (b) agus (c)

(a) Roghnaigh agus ainmnigh saothar a bhaineann le ceann amháin de na catagóirí seo a leanas:

- pictiúr ina léirítear damhsóirí
- pictiúr ina bhfuil uirlis cheoil
- saothar le Ghiberti (1378-1455)
- saothar le Peter Paul Rubens (1577-1640)
- foirgneamh le Le Corbusier (1887-1965).

(b) Déan plé mion ar an saothar a roghnaigh tú, agus tú ag tagairt don ealaíontóir / ailtire, don stíl, don chomhdhéanamh/dearadh, do na bunábhair, don teicníocht agus don tréimhse ina ndearnadh é.

(c) Ainmnigh saothar amháin eile leis an **ealaíontóir/ailtire** atá roghnaithe agat agus déan cur síos agus plé achomair air.

*Léirigh do fhreagra*.

**15.** Déan cur síos mion ar na príomhthréithe de cheann **amháin** díobh seo a leanas:

- An stíl Ghotach Idirnáisiúnta
- Nuachlasaiceachas
- Pointíleachas
- An Bauhaus.

**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar shaothar ainmnithe amháin le healaíontóir a bhfuil a s(h)aothar ina shampla tipiciúil den ghluaiseacht atá roghnaithe agat.
*Léirigh do fhreagra.*

## ROINN III – Léirthuiscint na hEalaíne

**16.** Tá rath Pixar Animation Studios fréamhaithe go daingean sa tuiscint gur chóir go mbeadh domhan na beochana bunaithe ar an domhan fíor. Déan plé ar an ráiteas seo agus tú ag tagairt do cheann ar bith de léiriúcháin Pixar, ar nós Toy Story 1, 2 agus 3, The Incredibles, Monsters Inc, Wall-E agus Up.
**agus**
Déan plé mion ar dhá theicníocht scannánaíochta a dhéanann na scannáin seo chomh tarraingteach sin ó thaobh an amhairc de.
*Léirigh do fhreagra.*

**17.** Is struchtúir fheidhmiúla iad droichid ar féidir láithreacht láidir dealbhóireachta a bheith acu, ina gcruthaítear éifeachtacht bhuan ó thaobh an amhairc de ar a dtimpeallacht. Déan plé ar an ráiteas seo agus tú ag tagairt do dhroichead ainmnithe ar bith, ceann stairiúil nó ceann nua-aimseartha. Déan tagairt i do fhreagra don stíl, do na bunábhair, don fheidhm agus don tionchar ón taobh radhairc a bhíonn ag an droichead.
*Léirigh do fhreagra.*

**18.** Freagair (a), (b) agus (c)

(a) Déan cur síos agus plé ar chur i láthair agus ar an leagan amach taispeántais i ngailearaí, músaem nó ionad léirmhínithe ainmnithe ar thug tú cuairt air le déanaí.

(b) Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi ina bhféadfadh an taithí cabhrú leat le taispeántas a eagrú i do scoil féin don lá oscailte.

(c) Déan cur síos achomair ar shaothar amháin a chuaigh i bhfeidhm ort le linn do chuairte agus ainmnigh an t-ealaíontóir.

*Léirigh do fhreagra.*

**19.** Bhí domhan an dúlra i gcónaí ina fhoinse spreagthach do dhearthóirí agus do cheardaithe. Déan plé ar an ráiteas seo agus tú ag tagairt do na ***léaráidí ar an mbileog leis seo***.

**agus**

Déan cur síos achomair ar an gcaoi a bhforbrófá dearadh d'earra ceardaíochta de do rogha féin bunaithe ar an staidéar atá déanta agat ar bhruach abhann.

*Léirigh do fhreagra.*

**20.** D'fhéadfadh an chaoi ina n-athraítear bunábhair athchúrsáilte ina dtáirgí nuálacha a bheith ina réiteach ar dhiúscairt dramhaíola. Déan plé ar an ráiteas seo agus tú ag tagairt do tháirge dá leithéid. Déan tagairt i do fhreagra do na bunabhair, dearagh, don feidhm, don fhoirm agus don bhailchríoch.

**agus**

Dear saothar ealaíne nó táirge is dóigh leat a d'fhéadfaí a dhéanamh as na bunábhair i mbosca athchúrsála bruscair do scoile agus déan cur síos achomair air.

*Léirigh do fhreagra.*

# Leathanach Bán

**Leathanach Bán**